Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 24 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11343/24**

**DEVGEN 93**
**FIN 584**
**NDICI 16**
**BUDGET 43**
**ACP 74**
**RELEX 861**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11106/24 |
| Ábhar: | Meastóireacht mheántéarma ar ionstraim maoinithe sheachtraigh ICFCI(NDICI) - an Eoraip Dhomhanda<br>Conclúidí ón gComhairle (An 24 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar ionstraim maoinithe sheachtraigh ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4038ú cruinniú a bhí aici an 24 Meitheamh 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht mheántéarmach ar ionstraim maoinithe sheachtraigh ICFCI(NDICI) - an Eoraip Dhomhanda**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Meastóireacht Mheántéarma ('an tuarascáil') ar na hionstraimí maoinithe sheachtraigh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 bunaithe, *inter alia*, ar mheastóireacht sheachtrach agus i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán ICFCI–an Eoraip Dhomhanda ('an Rialachán'). Is eol don Chomhairle go bhfuil sé róluath, tar éis dhá bhliain de chur chun feidhme, measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tionchar forbartha i dtíortha comhpháirtíochta agus, dá bhrí sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ICFCI-an Eoraip Dhomhanda. Tugann an Chomhairle dá haire an tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda[1] agus iarrann sí ar an gCoimisiún na moltaí atá sa tuarascáil a chur san áireamh, go háirithe maidir le sainordú comhordúcháin Thoscaireachtaí an Aontais agus gur gá an infheictheacht a mhéadú.

2. Measann an Chomhairle go bhfuil ICFCI-an Eoraip Dhomhanda oiriúnach dá fheidhm ar an iomlán agus go bhfuil a chuspóirí á mbaint amach aige. Athdhearbhaíonn an Chomhairle ábharthacht na gcuspóirí sin, mar a leagtar amach iad in Airteagal 3 den Rialachán. Is éard atá i gceist leo luachanna, prionsabail agus leasanna bunúsacha an Aontais a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud an domhain, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, an fhorbairt inbhuanaithe agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta agus ar an easáitiú éigeantach, lena n-áirítear na bunchúiseanna atá leo; an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus na gealltanais idirnáisiúnta a bhaint amach, go háirithe Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a ghabhann leis agus Comhaontú Pháras; agus comhpháirtíochtaí níos láidre a chur chun cinn bunaithe ar leasanna frithpháirteacha agus ar úinéireacht fhrithpháirteach.

[1] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2023-0374_GA.html

3. Tugann an Chomhairle dá haire nach mór don Aontas Eorpach, mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil dúshlánach atá ann faoi láthair, a chuspóirí forbartha agus geopholaitiúla a bhaint amach, croíluachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain, agus freagairt ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis an méid sin, cuireann ICFCI-an Eoraip Dhomhanda feabhas ar ról geopholaitiúil an Aontais trí uaillmhian na hionstraime lena dtugtar tús áite do bheartais agus trína comhpháirtíochtaí neartaithe. Meabhraítear don Chomhairle gur gnéithe lárnacha iad cearta an duine, an comhionannas inscne, mar aon le luachanna daonlathacha agus ardchaighdeáin, dea-rialachas agus trédhearcacht agus comhrac an éillithe chun éifeachtúlacht, trédhearcacht agus torthaí nithiúla na n-iarrachtaí forbartha i dtíortha comhpháirtíochta a neartú. Tá ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus straitéis na Tairsí Domhanda ar na príomhuirlisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach trí chur chuige Fhoireann na hEorpa.

4. Tá ionstraimí seachtracha an Aontais ríthábhachtach chun cur leis an gcomhleanúnachas idir beartais forbartha, eachtracha, aeráide agus comhshaoil, trádála, imirce agus slándála an Aontais, agus chun ceannaireacht, freagracht agus dlúthpháirtíocht dhomhanda an Aontais a léiriú. I ndáil leis an méid sin, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le comhleanúnachas níos láidre sna beartais don fhorbairt mar aon le prionsabail éifeachtacht na forbartha chun comhar um fhorbairt níos éifeachtaí a bhaint amach agus chun cuspóirí sonracha ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus Chlár Oibre 2030 araon a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt[2] agus na moltaí go ndéanfaí plean gníomhaíochta a fhorbairt maidir leis an gcomhtháthú beartas chun cuspóirí soiléire a fhoirmliú sa réimse sin.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an comhar níos dlúithe idir seirbhísí an Choimisiúin, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus Ballstáit an Aontais atá á chur chun cinn ag ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus meabhraítear di a ráiteas maidir le rialachas i ndáil le ICFCI-an Eoraip Dhomhanda. Athdhearbhaíonn sí an ról ríthábhachtach atá aici treoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le cuspóirí beartais agus tosaíochtaí le linn chur chun feidhme na hionstraime, agus tá sí tiomanta i gcónaí don ról sin a chothabháil agus d'oibriú chun feabhas a chur ar a cuid treoraíochta. Chuige sin, iarrann sí ar an gCoimisiún faisnéis a roinnt ar bhealach rialta, tráthúil, mionsonraithe. Áirítear leis an treoraíocht straitéiseach sin na roghanna straitéiseacha foriomlána le haghaidh clársceidealú, úsáid cholún na mearfhreagartha agus slógadh chúlchiste na ndúshlán agus na dtosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus faireachán a dhéanamh go bhfuil an úsáid is fearr is féidir á baint as acmhainní i ndáil leis na spriocanna uile, agus an chaoi a bhfuil cistiú ón Aontas á úsáid chun na cuspóirí a leagtar amach san ionstraim a bhaint amach.

---

[2] 2021/2164(INI) - 14/03/2023 - Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (europa.eu)

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb é an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt, mar aon leis an tacaíocht atá á tabhairt do Chlár Oibre 2030, Comhaontú Pháras agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, an creat foriomlán le haghaidh chur chun feidhme ICFCI-an Eoraip Dhomhanda. Tathantaíonn an Chomhairle go leanfaí de bheith ag díriú ar na SIFanna, lena n-áirítear an idirnascacht eatarthu, agus go háirithe go ndíreofaí ar na SIFanna sin ina bhfuil an dul chun cinn ag titim chun cúil, féachaint le brú chun tosaigh arís, agus aird ar leith á tabhairt ar na grúpaí is leochailí, ar na Tíortha is Lú Forbairt agus ar Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha inar mó na riachtanais. Meabhraítear di gur cheart go rannchuideodh an Ionstraim le cuspóir comhchoiteann an Aontais 0,7 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a sholáthar mar COF laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030.

7. Aithníonn an Chomhairle go gcuireann ICFCI-an Eoraip Dhomhanda go mór le cur chun feidhme straitéis na Tairsí Domhanda, cé go bhfuil sé i bhfad níos mó ó thaobh raon feidhme téamach agus réigiúnach de, agus aithníonn sí go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag an straitéis sin freisin maidir leis na SIFanna agus Comhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe tríd an gcuimsiú sóisialta agus an fhorbairt inbhuanaithe dhaonna a chur chun cinn. Molann sí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcaoi is féidir úsáid níos fearr a bhaint as tionchar forbartha ICFCI-an Eoraip Dhomhanda i gcur chun feidhme straitéis na Tairsí Domhanda. Tugann an Chomhairle dá haire gur dúshlán i gcónaí é rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a áirithiú, go háirithe rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus mheánmhéide, agus iarrann sí ar an gCoimisiún iarrachtaí breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngné sin a bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt léi ó thaobh chur chun feidhme na straitéise.

8. Maidir leis na dúshláin atá fós ann maidir le cur chun feidhme éifeachtach ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, mar a sainaithníodh sa tuarascáil agus sa mheastóireacht sheachtrach, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na gnéithe seo a leanas:

    a. Aontaíonn an Chomhairle le measúnú an Choimisiúin go bhfuil ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ag tabhairt aghaidh ar fhadhb an ilroinnteachais a bhain leis an ollstruchtúr airgeadais go dtí seo trí **chumasc a dhéanamh idir ionstraimí éagsúla maoinithe sheachtraigh** de chuid CAI 2014-2020. Is díol sásaimh don Chomhairle an breisluach a thagann leis an ionstraim seo trí chreat níos comhleanúnaí agus níos comhtháite a chur ar fáil ina bhfuil colúin in-chlársceidealta agus neamh-inchlársceidealta, agus trí bhunús dlí aontaithe a chur ar fáil i gcomhair sciar mór de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas breise a chur ar an gcomhleanúnachas idir beartais agus tosaíochtaí inmheánacha agus seachtracha agus tionchar bheartais an Aontais ar thíortha comhpháirtíochta a chur san áireamh.

b. Tugann an Chomhairle dá haire gur céim chun cinn é roinnt ionstraimí maoinithe sheachtraigh a chomhtháthú ina gcuid de ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ó thaobh **shoiléireacht, éifeachtacht agus trédhearcacht na tacaíochta a thugann an tAontas dá thíortha comhpháirtíochta agus an chomhair a dhéantar leo**. D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha atá fós ann. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé níos casta do ghníomhaithe áitiúla agus don tsochaí shibhialta páirt a ghlacadh i gcistiú chláir ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus rochtain a bheith acu ar an gcistiú sin.

c. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar **rialachas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais** faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, tugann an Chomhairle dá haire gur cheart féachaint an bhféadfaí a thuilleadh coigeartuithe a dhéanamh i gcomhréir leis na ceachtanna a foghlaimíodh. Tá rún daingean ag an gComhairle i gcónaí leanúint de threoraíocht straitéiseach a chur ar fáil agus, chun na críche sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Coimisiún agus SEGS faisnéis chuíchóirithe a chomhroinnt go tráthúil agus go gcuirfí sonraí de réir tíre, réigiúin agus réimse théamaigh ar fáil, chun bonn eolais níos fearr a chur faoin gcinnteoireacht pholaitiúil. Iarrann sí freisin ar an gCoimisiún úsáid níos fearr a bhaint as coiste ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus as Bord CEFI+ le haghaidh plé leis na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS acmhainneachtaí agus saineolas a neartú agus a oiriúnú, i dToscaireachtaí agus i gceanncheathrú an Aontais, chomh maith le modhanna oibre a ailíniú ar bhealach níos fearr idir Ard-Stiúrthóireachtaí éagsúla, agus tograí a chur ar aghaidh chun an próiseas clársceidealaithe a fheabhsú agus a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tús a chur le tuairisciú ar thorthaí oibríochtúla ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ó 2024 ar aghaidh. Tugann sí dá haire freisin gur gá díriú níos mó ar anailís cháilíochtúil ar thorthaí chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar mheastóireacht.

d. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ag rannchuidiú lena chur ar chumas an Aontais **dul i dteagmháil leis na tíortha comhpháirtíochta uile** trí chur chuige straitéiseach, cuimsitheach, éifeachtúil, saincheaptha, bunaithe ar urraim, ar chomhpháirtíocht chomhionann, ar leasanna coiteanna agus ar an gcuntasacht fhrithpháirteach. Molann an Chomhairle an chaoi a bhfuil comhthosaíochtaí an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta á gcur chun cinn níos fearr chomh maith leis an gcur chuige do chomhar seachtrach an Aontais lena dtugtar tús áite don bheartas. Is díol sásaimh di go háirithe an dul chun cinn a rinneadh chun comhpháirtíochtaí níos láidre a chur chun cinn le tríú tíortha, lena n-áirítear le tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa. Comhpháirtíochtaí iad sin a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, atá bunaithe ar úinéireacht agus atá dírithe ar an gcobhsú, an dea-rialachas agus an athléimneacht a chothú. Bunaithe ar na prionsabail sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí idirphlé maidir le beartais leis na tíortha comhpháirtíochta, i gcomhréir leis na straitéisí náisiúnta forbartha faoi seach, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta áitiúil agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus aithníonn sí an gá atá le húinéireacht agus ailíniú neartaithe, bunaithe ar leasanna frithpháirteacha agus ar chomhluachanna. Maidir leis an gcur chuige dreasacht-bhunaithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil.

e. Sa chomhthéacs sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí deiseanna le haghaidh **for-rochtain** níos **straitéisí** a thapú tuilleadh, lena n-áirítear cumarsáid, idirphlé agus cuairteanna polaitiúla ardleibhéil agus misin Fhoireann na hEorpa a eagrú, é sin ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh mar a sainaithníodh sa tuarascáil iad. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin freisin leis an tuiscint atá ag na comhpháirtithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Ionstraim. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa na hiarrachtaí a mhéadú chun an úinéireacht áitiúil a threisiú, go háirithe i measc pobal, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

f. Maidir leis an gcur chuige '**Foireann na hEorpa**', is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil na gníomhaithe Eorpacha ina n-iomláine níos rannpháirtí i gcomhar seachtrach an Aontais, agus iad ag comhroinnt eolas agus saineolas chomhaltaí Fhoireann na hEorpa agus ag cur leis an eolas agus leis an saineolas sin, ar bhonn na cuimsitheachta, agus meabhraítear di na conclúidí ón gComhairle an 21 Samhain 2023 maidir leis an gcur chuige 'Foireann na hEorpa'. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa an comhar agus na sineirgí idir an tAontas agus an comhar déthaobhach a fheabhsú a thuilleadh, agus leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí comhairliúchán níos fearr, iad rialta cuimsitheach substainteach, go háirithe ar leibhéal na tíre agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbeidh na mBallstát nach bhfuil ar an láthair rannpháirteach freisin. Is mór ag an gComhairle go bhfuil Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa ag iompú anois ina bpríomhchodanna de chur chuige Fhoireann na hEorpa agus de chur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

g. Measann an Chomhairle gur rannchuidigh **prionsabal an gheografaithe**, eadhon an colún geografach mar phríomhchur chuige an chur chun feidhme, le rannpháirtíocht an Aontais a dhíriú ar bhealach níos fearr ar thosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta, trí idirphlé agus comhairliúchán níos láidre agus trí úsáid níos fearr a bhaint as modhanna comhlántacha mar shampla an colún téamach atá bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chothrománacha shonracha. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le cur chuige atá cothrom ó thaobh réigiúin agus téama de a choinneáil, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar an tsineirgíocht idir cláir thíre, réigiúnacha agus théamacha chomh maith le tacaíocht d'earraí poiblí domhanda, i ndlúthchomhar le gníomhaithe Fhoireann na hEorpa agus le tíortha comhpháirtíochta agus, i gcás inarb ábhartha, le heagraíochtaí réigiúnacha. Aithníonn an Chomhairle go gcuireann cláir théamacha cistiú comhlántach bunriachtanach ar fáil do chláir gheografacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

h. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannpháirtíocht láidir chomhordaithe Fhoireann na hEorpa **i gcomhthéacsanna leochaileacha** agus is díol sásaimh di éagsúlacht na n-uirlisí a chuireann ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ar fáil chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an gColún Mearfhreagartha. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear di gur tosaíocht thrasearnálach de chuid ICFCI-an Eoraip Dhomhanda í an tacaíocht don 'tsíocháin, don chobhsaíocht agus do chosc coinbhleachtaí' agus don tslándáil, lena n-áirítear i gcolúin gheografacha. Dá bhrí sin, molann sí don Choimisiún feabhas a chur ar na naisc idir freagairt níos solúbtha ar ghéarchéimeanna agus forbairt níos fadtéarmaí, chomh maith le comhleanúnachas níos láidre le hionstraimí CBSC i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach tacú le creataí slándála agus smachta reachta a threisiú chun síocháin agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Áirítear leis sin tacú le hathchóirithe dlíthiúla agus breithiúnacha, slándáil an duine a neartú, agus próisis chuimsitheacha síochána agus institiúidí cuimsitheacha a chur chun cinn. Agus an gá atá ann na Ballstáit a chomhlachú go dlúth á athdhearbhú aici, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint de thacaíocht a thabhairt do phobail leochaileacha i gcomhthéacsanna leochaileacha chun athléimneacht a chothú trí chur chuige níos éifeachtaí, níos solúbtha, níos cuimsithí, níos bunaithe ar chomhpháirtíocht, níos cuimsithí, níos inbhuanaithe agus níos íogaire ó thaobh coinbhleachta de. Ba cheart go n-áireofaí leis sin comhleanúnachas agus solúbthacht na n-ionstraimí ábhartha a mhéadú, tríd an úsáid is fearr a bhaint as measúnuithe coinbhleachta arna saibhriú le heolas áitiúil mar bhonn d'anailís chomhpháirteach, agus tríd an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a neartú, tríd an bhforbairt faoi stiúir áitiúil a chur chun cinn agus trí fhéachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as cuir chuige réigiúnacha. Chun rannpháirtíocht níos comhleanúnaí a bhaint amach, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le comhordú níos córasaí idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do fhreagairt níos comhleanúnaí i gcomhthéacsanna leochaileacha.

i. Leagan an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé **an tsolúbthacht mhéadaithe** a tugadh isteach le ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a chaomhnú, solúbthacht ar cruthaíodh a hábharthacht, go háirithe maidir le freagairt ar an tsraith géarchéimeanna leanúnacha eisceachtúla seo. Mar sin féin, tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis mhór imní di, an ardleibhéal úsáide atá á baint go dtí seo as an gcúlchiste le haghaidh dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Feictear don Chomhairle gur gá feabhas a chur ar na módúlachtaí, na critéir agus an treoraíocht chun an tsolúbthacht sin a úsáid agus gur gá don Chomhairle í a stiúradh ar bhealach níos soiléire agus níos tráthúla. Dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún machnamh comhpháirteach a dhéanamh chun úsáid níos fearr a bhaint as an gcúlchiste agus as gnéithe solúbtha eile den Ionstraim. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé roghanna maoiniúcháin in-chlársceidealta a úsáid nuair is féidir.

j. Meabhraítear don Chomhairle ábharthacht na **spriocanna agus na n-imchlúdach airgeadais** uile, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go rannchuideoidh cur chun feidhme ICFCI-an Eoraip Dhomhanda le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach agus go leanfaidh sí de bheith tiomanta do spriocanna a bhaint amach sa chéad ionstraim maoinithe sheachtraigh eile. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go sonrach a thábhachtaí atá sé go mbeadh 93 % ar a laghad de chistiú ICFCI-an Eoraip Dhomhanda intuairiscithe mar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt, ar cheart do 20 % ar a laghad de rannchuidiú leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an bhforbairt dhaonna. Tugann sí dá haire an measúnú ón gCoimisiún, ina meastar go bhfuil ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ar an mbóthar ceart go ginearálta chun na spriocanna caiteachais a bhaint amach, ach iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí méadaithe chun na spriocanna uile a bhaint amach faoi 2027, agus iarrann sí ar an gCoimisiún céimeanna nithiúla a chur i láthair i ndáil leis sin. Leagann an Chomhairle béim go háirithe ar a thábhachtaí atá sé na spriocanna aeráide agus comhionannais inscne a bhaint amach, ós rud é nach ar mbealach a gcomhlíonta atá an obair orthu siúd faoi láthair. Molann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta sa saineolas agus san fhothú acmhainneachta i dToscaireachtaí agus i gCeanncheathrú an Aontais chun marcóirí a chur i bhfeidhm agus faireachán níos déine a dhéanamh ar spriocanna, agus chun sonraí a úsáid ar bhealach níos straitéisí.

k. Is díol sásaimh don Chomhairle an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith faoin **gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+)**, go háirithe ó thaobh éifeacht ghiarála d’infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha agus chun rochtain ar mhaoiniú a mhéadú i dtíortha comhpháirtíochta. Neartaigh ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ranníocaíocht na n-institiúidí airgeadais le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a thuilleadh fós. Agus béim á leagan aici ar a riachtanaí atá sé a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil CEFI+ ag rannchuidiú le Clár Oibre 2030 a bhaint amach trí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú i dtíortha comhpháirtíochta. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an ról atá ag cumasc an Aontais ó thaobh torthaí forbartha a uasmhéadú. Maidir le CEFI+, tugann an Chomhairle aird ar leith ar TLFanna agus ar shuíomhanna leochaileacha, tugann sí dá haire go bhfuil dúshláin fós ann agus gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ina leith sin. Tá an tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a Uas-scálú i dtíortha Ísealioncaim agus Meánioncaim tábhachtach i ndáil leis sin. Leagann an Chomhairle béim ar an ról atá ag Bord Straitéiseach CEFI+ chun treoir straitéiseach a chur ar fáil. Iarrann sí ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí tionchar CEFI+ a mhéadú a thuilleadh fós agus dlús a chur leis an gconrú, cur chun feidhme agus faireachán na ráthaíochtaí buiséadacha a éascú, chomh maith le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara áitiúla a neartú. Is díol sásaimh don Chomhairle na naisc níos dlúithe atá ann le hinstitiúidí airgeadais, agus leagann sí béim ar an gcaoi a bhféadfadh éagsúlacht, taithí agus sainorduithe na n-institiúidí airgeadais mar chuid den Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt (EFAD) breisluach a chur leis an mbeartas Eorpach i leith an chomhair um fhorbairt, agus molann sí go gcuirfí leis an gcomhar idir bainc Eorpacha forbartha agus institiúidí airgeadais. Tá an Chomhairle ag súil le plé a dhéanamh ar an tuairim ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, i gcomhréir le hAirteagal 42(5) de Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé na moltaí i dtuarascáil speisialta 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le clársceidealú ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a chur chun feidhme go pras agus meabhraítear di na conclúidí uaithi ina leith sin an 21 Samhain 2023.

10. Maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ar ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, tá an Chomhairle ag súil le hidirphlé leis an gCoimisiún agus iarrann sí go mbeadh próiseas trédhearcach ann, agus conclúidí na Meastóireachta Meántéarma á gcur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán. Meabhraítear di na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1 Feabhra 2024 maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar CAI.

11. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go bhfoghlaimeofaí ón tuarascáil ón gCoimisiún agus ón tuarascáil neamhspleách maidir leis an Meastóireacht Mheántéarmach agus ón taithí a fuarthas ó na Ballstáit chun bonn eolais a chur faoin bplé maidir le comharba na hionstraime faoin gcéad CAI eile.

12. Tá an Chomhairle ag súil le cur chun feidhme a treoraíochta straitéisí agus molann sí go mbainfí úsáid as ICFCI-an Eoraip Dhomhanda chun tionchar Fhoireann na hEorpa ar an bhforbairt agus ar an tsíocháin a uasmhéadú a thuilleadh fós agus é ag rannchuidiú le ról geopholaitiúil an Aontais ag an am céanna.